SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

ESDW 11 2026

ESDN

Bí Páirteach i Seachtain SFI 2026!

Beidh an cúigiú Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) de chuid na hÉireann ar siúl i mbliana ón **19 - 27 Meán Fómhair.** Is cuid den tSeachtain Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (SOFI) níos leithne é, a bheidh ar siúl ón 18 Meán Fómhair - 8 Deireadh Fómhair 2026. Anuraidh, bhí beagnach 4,000 gníomhaíochtaí ann mar chuid de SOFI, a bhí ar siúl ar fud 39 dtír, agus bhí beagnach 100 imeacht ar siúl in Éirinn.

Baineann na SFIanna le gach duine agus tá Seachtain SFI oscailte do chách - daoine aonair, grúpaí, scoileanna agus coláistí, gnólachtaí agus institiúidí.

Chun páirt a ghlacadh, is féidir leat imeacht a eagrú – bíodh sé beag nó mór – nó aird a tharraingt ar ghníomhaíocht nó tionscadal a chuireann forbairt inbhuanaithe chun cinn, agus páirt a ghlacadh sa tseachtain ghníomhaíochta bliantúil do na SFIanna

1. **TOSAIGH ANOIS!**
   Smaoinigh ar conas a d'fhéadfá forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus gníomhaíocht, tionscadal nó imeacht a phleanáil a bheidh ar siúl i rith Seachtain SFI.
2. **CLÁRAIGH**
   Uaslódáil do smaoineamh ar suíomh gréasáin SOFI: www.esdn.eu/esdw
3. **GNÍOMHAIGH!**
   Déan tionscnamh a eagrú agus a chur chun cinn i rith SOFI ón **18 Meán Fómhair – 8 Deireadh Fómhair 2026!** Faigh amach cad iad na himeachtaí atá ar siúl agus glac páirt in imeachtaí gar duit!

DeptCEE
EuropeanSustainableDevelopmentWeek

Department of Climate, Energy and the Environment
European Sustainable Development Network

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi fhorbairt inbhuanaithe, Seachtain SFI agus smaointe maidir le páirt a ghlacadh, féach www.gov.ie/SDGs